

SCRÚDUIMHIR:

Iomlán na  
Marcanna


## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006

MATAMAITIC – BONNLEIBHÉAL – (300 marc)


DÉARDAOIN, 8 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 GO DTÍ 11.30

Am: 2 uair an chloig

Freagair **GACH** ceist. Gabhann 50 marc le gach ceist.

Ba chóir freagraí agus obair thacaíochta a scríobh isteach sna boscaí ata ann chuige.

Féadfar leathanaigh agus grafpháipéar sa bhreis a fháil ón bhFeitheoir, más gá.

Cuireann an tsiombail  in iúl gur chóir duit obair thacaíochta a thaispeáint chun lánmharcanna a ghnóthú.

Déanamh agus sórt an áireamhain a úsáideadh:

Don Fheitheoir / Scrúdaitheoir amháin:

Stampa an  
Ionaid

Ceist	Marc
1	
2	
3	
4	
5	
6	
Iomlán	
Bónas don Ghaeilge	
Móriomlán	
Grád	

1. (a)

(i)  $57 + 43 =$

(ii)  $57 - 43 =$

(b)

(i)  $344 \div 8 =$

(ii)  $192 \times 2 + 4 =$

(iii)  $\sqrt{64} =$

(iv)  $3^4 =$

(c) (i) Faigh an costas iomlán ar

2 Dheoch Thoraidh @ €0.75 an ceann  
3 Thoirtín @ €0.45 an ceann  
1 Cheapaire @ €1.85



Deochanna Toraidh:  $€0.75 \times 2 =$

Toirtíní:  $€0.45 \times 3 =$

Cepaire:  $€1.85 \times 1 =$

Iomlán = \_\_\_\_\_

(ii) Íocaim as na nithe seo le nóta €10.00. Cén tsóinseáil a fhaighim?




2. (a) Scríobh síos mód na n-uimhreacha seo a leanas

5, 8, 3, 2, 3, 6, 1.

Mód =


(b) Taispeánann an pictegram na cúil a chuir ceathrar imreoirí isteach i sraithchomórtas scoile an séasúr seo caite.



(i) Cé mhéad cúl a chuir Conor isteach an séasúr seo caite?

Empty box for answer (i).

(ii) Cad é an líon iomlán cúl a chuir an ceathrar imreoirí isteach?


 Empty box for answer (ii).

(iii) Cén céatadán den líon iomlán cúl a chuir Aisling isteach?


 Empty box for answer (iii).

Tá cuid (c) ar an gcéad leathanach eile


- (c) Fiafraíodh de 90 mac léinn cén teanga, an Fhraincis, an Ghearmáinis nó an Spáinnis, a bhí á foghlaim acu.  
An Fhraincis a dúirt 45 acu, an Ghearmáinis a dúirt 15 acu agus an Spáinnis a dúirt an chuid eile.  
Léirigh an fhaisnéis seo ar phíchart.



3. (a) Ríomh an luach ar  $x$  sa léaráid.



(b) (i) Tóg dronuilleog atá 8 cm ar fad agus 6 cm ar leithead.




Leantar le cuid (b) ar an gcéad leathanach eile

(ii) Tomhais, ina cheintiméadair, an fad atá i dtrasnán na dronuilleoige a thóg tú.


Is é fad an trasnáin ná:

(c) (i) Bain feidhm as Teoirim Phótagaráis chun fad an tsleasa a bhfuil  $x$  marcáilte air sa triantán dronuilleach a fháil.




**Leantar le cuid (c) ar an gcéad leathanach eile**

- (ii) Déroinn an uillinn  $abc$ , gan uillinntomhas a úsáid.  
Déan na línte tógála uile a thaispeáint.



4. (a) Scríobh  $\frac{1}{4}$  mar dheachúil.

(b)



(i)  $A = \{ \quad , \quad , \quad \}$

(ii)  $A \cup B = \{ \quad , \quad , \quad , \quad \}$

Scríobh an tsiombail cheart  $\in$  nó  $\notin$  sna boscaí thíos.

(iii)  $8 \quad \square \quad A$


(iv)  $6 \quad \square \quad (A \cup B)$



- (c) Oibríonn Máire ar feadh 35 uair an chloig gach seachtain.  
Íoctar €11 léi in aghaidh na huaire.




- (i) Faigh pá comhlán Mháire gach seachtain.




- (ii) Íoctar cáin de réir 20%. Cén cháin iomlán a bheidh le híoc gach seachtain ar phá comhlán Mháire?




- (iii) Cén pá glan a fhaigheann Máire más é €52 a creidmheas cánach gach seachtain?



**5.** (a) Faigh luach  $5x + 2$  nuair  $x = 3$ .




(b) (i) Réitigh le haghaidh  $x$ :



$$x + 3 = 10$$

(ii) Réitigh le haghaidh  $x$ :




$$3(x - 2) = 18$$

- (c) (i) Ag glacadh le  $y = x + 4$ , comhlánaigh an tábla thíos:


$x$	1	2	3	4	5
$y$			7		



- (ii) Ag baint úsáide as do chuid freagraí i gcuid (i), rianaigh graf  $y = x + 4$  ó  $x = 1$  go dtí  $x = 5$ .




6. (a) (i) Athraigh 3·8 km ina méadair.



- (ii) Athraigh 2·5 m ina gceintiméadair.



(b)



Taispeánann an léaráid suíomh trí bhaile *A*, *B* agus *C*.


Ag baint úsáide as rialóir agus ag glacadh le 1 cm = 20 km,

- (i) meas an fad, ina km, ó *A* go *B*




Leantar le cuid (b) ar an gcéad leathanach eile

(ii) meas an fad iomlán, ina km, ó  $A$  go  $C$  trí  $B$ .




(c) (i) Is é 12 cm fad trastomhas ciorcail.  
Scríobh síos fad an gha.

(ii) Is é 12 cm trastomhas sorcóra agus is é 30 cm a airde.  
Faigh toirt an tsorcóra, ag glacadh le  $\pi = 3 \cdot 142$ .




Toirt =  $\pi r^2 h$   
=



12 cm

30 cm

## Spás d'obair bhreise



## **Spás d'obair bhreise**

## **Spás d'obair bhreise**